

Ceacht a Seacht
Lesson Seven

Cár chuir tú é?
Where did you put it?

Abairtí
Phrases

Gaeilge		Béarla	
1. Cuir an cupán ar an mbord.		Put the cup on the table.	
2. Chuir mé an cupán ar an mbord.		I put the cup on the table.	
3. Ar chuir tú an cupán ar an mbord?		Did you put the cup on the table?	
4. Nár chuir tú an cupán ar an mbord?		Didn't you put the cup on the table?	
5. Chuir.		Yes (put).	
6. Níor chuir.		No (didn't put).	
7. Cár chuir tú an cupán?		Where did you put the cup?	
8. Chuir mé ar an mbord é.		I put it on the table.	
9. Cár chuir tú an ghloine?		Where did you put the glass?	
10. Chuir mé sa chistin í.		I put it in the kitchen.	
11. Ar fhág tú an cupán ar an urlár?		Did you leave the cup on the floor?	
12. D'fhág/Níor fhág		Yes/No.	
13. Ar ól tú an bainne?		Did you drink the milk?	
14. D'ól/Níor ól.		Yes/No.	
15. Ar ith tú an t-úll?		Did you eat the apple?	
16. D'ith/Níor ith.		I did/didn't.	
17. Níor ith mé é. D'ith Seán é.		I didn't eat it. John ate it.	
18. Níor ith mé rud ar bith.		I didn't eat anything.	
19. Céard a <i>rinne</i> tú inniu?		What did you do today?	
20. D'éirigh mé ar maidin.		I woke up in the morning	
21. go moch (ar maidin)		early (in the morning)	
22. go déanach		late	
23. D'ith mé arán le h-im.		I ate bread with butter.	
24. D'ól mé cupán tae.		I drank a cup of tea.	
25. D'oscail mé an doras.		I opened the door.	
26. <i>Chuaigh</i> mé amach.		I went out.	
27. Dhún mé an doras.		I closed the door.	
28. D'fhág mé an teach.		I left the house.	
29. Shiúil mé sa pháirc.		I walked in the park.	
30. inniu	today	32. aréir	last night
31. inné	yesterday	33. anuraidh	last year

Ceacht a Seacht **Lesson Seven**

Cár chuir tú é? **Where did you put it?**

Comhráite **Conversations**

Comhrá 1

D: A Mháire!

M: Sea, a Dhaidí?

D: Ar chuir tú an cupán ar an mbord?

M: Chuir. Tá sé ar an mbord anois.

D: Ar chuir tú an ghloine ar an mbord?

M: Níor chuir. Tá sí sa chistin fós.

Comhrá 2

A: Cá bhfuil an t-úll?

B: D'ith mé é. Is breá liom úlla.

A: Ar ól tú an tae freisin?

B: Níor ól. Ní maith liom an tae.

A: Cár chuir tú é?

B: D'fhág mé sa chistin é.

Comhrá 3

S: Dia duit a Nuala!

N: Dia 's Muire duit, a Sheáin!

S: Cén chaoi a bhfuil tú?

N: Tá tuirse orm.

S: Ar éirigh tú go moch ar maidin?

N: D'éirigh.

S: Ar ith tú rud ar bith?

N: Níor ith, ach d'ól mé cupán tae.

Comhrá 4

A: Ní raibh tú sa bhaile ar maidin.

B: Ní raibh. D'fhág mé an teach go moch.

A: Céard a rinne tú ar maidin?

B: D'ól mé cupán tae agus shiúil mé sa pháirc.

A: Nár ith tú an bricfeasta?

B: D'ith. D'ith mé arán le h-im.

Conversation 1

Mary!

Yes, Daddy?

Did you put the cup on the table?

Yes. It's on the table now.

Did you put the glass on the table?

No. It's still in the kitchen.

Conversation 2

Where's the apple?

I ate it. I love apples.

Did you drink the tea, too?

No. I don't like the tea.

Where did you put it?

I left it in the kitchen.

Conversation 3

Hi, Nuala!

Hi, Sean!

How are you?

I'm tired.

Did you get up early in the morning?

Yes.

Did you eat anything?

No, but I drank a cup of tea.

Conversation 4

You weren't at home in the morning.

No. I left the house early.

What did you do in the morning?

I drank a cup of tea and walked in the park.

Didn't you eat breakfast?

Yes. I ate bread with butter.

Ceacht a Seacht Lesson Seven

Cár chuir tú é? Where did you put it?

Ábhar Bréise Extra Material

Dán

Poem

(ó Treasa Ní Ailpín – "Sonas is Só")

Breithlá mo Dhaidí A bhí ann inné, Is rinne mo Mhamaí Císte don tae.	My Daddy's birthday Was yesterday, And my Mommy made A cake for tea.	Tháinig an Tíogar Is tháinig an Béar – D'ith siad an císte Is na coinnle go léir!	The Tiger came And the Bear came – They ate the cake And all the candles.
---	---	---	---

Scéal

Story

(ó Treasa Ní Ailpín – "Na Trí Mhuicín")

Bhí na trí mhuicín ina suí go moch ar maidin.	The three little pigs were awake early in the morning.
Chuaigh siad amach ag obair.	They went out to work.
Rinne Dónall Muicín teach beag tuí.	Donall Pig made a small straw house.
Rinne Colm Muicín teach beag adhmaid.	Colm Pig made a small wood house.
Rinne Brian Muicín teach beag bríce.	Brian Pig made a small brick house.
Tháinig an mac tire gránna go dtí an teach beag tuí.	The nasty wolf came to the little straw house.
" Lig isteach mé. Lig isteach mé, a chara mo chroí," arsa an mac tire.	" Let me in. Let me in, my dear friend," said the wolf.
... ansin shéid sé agus shéid sé agus leag sé an teach beag tuí.	... then he blew and he blew and he knocked down the little straw house.

Amhrán

Song

(ó "Irish Heartbeat")

Tá Mo Chleamhnas Déanta	My Match Was Made
Tá mo chleamhnas déanta ó arú aréir	My match has been made since the night before last
's ní mó ná go dtaithníonn an bhean liom féin	and the woman hardly pleases myself
ach fágfaidh mé i mo dhiaidh í	but I'll leaver her behind me
'gus imeoidh mé liom féin	and I'll take off by myself
ar fud na gcoillte craobhach.	throughout the branching woods.
Shiúil mise soir agus shiúil mise siar.	I walked east and I walked west.
Shiúil mise Corcaigh 'gus sráide Bh'l'áth Cliath,	I walked Cork and the streets of Dublin,
ach sámháil de mo chailín deas ní fhaca mise riamh.	but the likeness of my lovely girl I never saw .
'Sí an bhean dubh a d'fhág mo chroí cráite.	She's the dark woman who left my heart broken.
D'éirigh mé ar maidin dhá uair roimh an lá	I awoke in the morning two hours before the day
'gus fuair mé litir ó mo mhíle grá.	and I got a letter from my true love.
'gus chuala mé an smóilín 's an londubh á rá	I heard the little thrush and the blackbird say
gur éalaigh mo ghrá thar saíle.	that my love had fled over the ocean.

